

Scéalta Nuachta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal éagsúla. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail/frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh Gaeilge a chur orthu?

- tear gas
- rubber bullets
- relief workers
- refugee camp
- clashes
- Members of Parliament
- in the House of Commons
- savings
- offshore
- allegations
- memorial site
- atomic bomb
- Foreign Affairs

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.
2. Léigh d'achóimre amach don duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 3

'...thar sáile...'

Tá a lán nathanna i nGaeilge a bhfuil an focal **thar** iontu. Féach ar na cinn seo thíos agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

thar bráid
thar na bearta
thar oíche
thar barr
thar maoil
thar lear

Ceist 4

'...an-ghoilliúnach...' agus '...míchruinn...'

Féach ar na samplaí seo thíos agus scríobh amach na rialacha a bhaineann leis na réimíreanna **an-** agus **mí-**. Bíodh na focail seo san áireamh agaibh agus sibh ag plé na rialacha:

fleiscín *séimhiú* *guta* *consan* *dntls*

Scríobh na rialacha isteach sa bhosca seo:

mí- (míchruinn, mí-úsáid & míshásta)	an- (an-ghoilliúnach, an-úsáideach & an-sásta)

Ceist 5 Féach ar na tíortha seo atá sa nuacht faoi láthair. Aimsigh an tuiseal ginideach uatha atá acu agus cuir foirm an ghinidigh in abairtí ansin. Mar shampla:

An Mhacadóin, póilíní na Macadóine.

Chaith póilíní na Macadóine go holc leis na teifigh sa Ghréig.

An Ghréig
An tSeapáin
An Ghearmáin
An Fhrainc
An Bheilg
An Chóiré Thuaidh
Na Stáit Aontaithe

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú faoi pholasaithe na hEorpa chun déileáil le líon na dteifeach atá ag iarraidh teacht isteach san Aontas?
2. An íocann comhlachtaí móra idirnáisiúnta, ar nós Google, go leor cánach, dar leat?
3. Cad atá ar eolas agat faoi thragóid Hiroshima?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

tear gas – deorghás
rubber bullets – urchair rubair
relief workers – oibríthe fóirithinte
refugee camp – campa teifeach
clashes – caismirtí
Members of Parliament – Feisirí
in the House of Commons – i dTeach na dTeachtaí
savings – coigilteas
offshore – eischósta
allegations – líomhaintí
memorial site – láthair cuimhneacháin
atomic bomb – buama adamhach
Foreign Affairs – Gnóthaí Eachtracha

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

thar bráid – *past, passing by*
thar na bearta – *too far, exceeding*
thar oíche – *overnight*
thar barr – *excellent*
thar maoil (ag cur) – *overflowing*
thar lear – *abroad*

Ceist 4

mí- (míchruinn, mí-úsáid & míhásta)	an- (an-ghoilliúnach, an-úsáideach & an-sásta)
<ul style="list-style-type: none">• Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a thosaíonn le consan.• Bíonn fleiscín tar éis mí- má thosaíonn an t-ainmfhocal a leanann é le guta.	<ul style="list-style-type: none">• Bíonn fleiscín tar éis na réimíre an-.• Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail a thosaíonn le guta.• Ní bhíonn séimhiú ar ainmfhocail a thosaíonn le ‘d’, ‘t’ ná ‘s’, mar críochnaíonn an- le ‘n’.• Cuirtear séimhiú ar na consain eile a leanann an-.

Ceist 5

An Ghréig, muintir na Gréige
An tSeapáin, muintir na Seapáine
An Ghearmáin, muintir na Gearmáine
An Fhrainc, muintir na Fraince
An Bheilg, muintir na Beilge
An Chóiré Thuaidh, muintir na Cóiré Thuaidh
Na Stáit Aontaithe, muintir na Stát Aontaithe

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Scéal 1

Thar sáile, tá cáineadh déanta ag an nGréig ar phóilíní na Macadóine as deorghás agus urchair rubair a scaoileadh le teifigh. Deir oibrithe fóirithinte ag campa teifeach ar thaobh na Gréige den dteorainn¹ idir an dá thír, go raibh orthu cóir leighis a chur ar 300 duine a gortaíodh de dheasca na gcaismirtí inné. Scaoil na póilíní leis na teifigh a bhí tar éis ruathar a thabhairt faoi sconsa idir an dá thír le súil is go ligfí isteach sa Mhacadóin iad.

Scéal 2

Tá cosaint déanta ag Príomh-Aire na Breataine, David Cameron, ar chearta mhuintir na Breataine airgead a thuilleamh go dleathach. Labhair an Príomh-Aire os comhair Feisirí i dTeach² na dTeachtaí den gcéad³ uair inniu ó tháinig sé chun solais go ndein⁴ sé brabús ó choigilteas eischósta a bhí ag a athair, nach maireann. Tráthnóna, dhein⁵ an Príomh-Aire cosaint ar an gciste infheistíochta a bhí ag a athair. Dúirt sé go raibh na líomhaintí maidir lena chúrsaí cánach pearsanta an-ghoilliúnach agus go hiomlán míchruinn.

Scéal 3

Fanacht thar sáile, tá cuairt tugtha ag Státrúnaí Mheiriceá, John Kerry, ar láthair cuimhneacháin i gCathair Hiroshima sa tSeapáin. Maraíodh céad is daichead míle duine nuair a scaoil na Stáit Aontaithe buama adamhach ar an gcathair sin ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda. Is é John Kerry, atá sa tSeapáin ag cruinniú G7 na nAirí⁶ Gnóthaí Eachtracha, an t-oifigigh is sinsearaí as Meiriceá le cuairt a thabhairt ar an gcathair.

¹ Córas na Mumhan

² *Tigh* a deirtear

³ Córas na Mumhan

⁴ *go ndearna* an leagan caighdeánach

⁵ *rinne* an leagan caighdeánach

⁶ *na hAirí* a deirtear